**2013. M327 T**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2013

# Matamaitic
# (Tionscadal Mata – Céim 3)

## Páipéar 1

## Gnáthleibhéal

Dé hAoine, 7 Meitheamh Tráthnóna, 2:00 – 4:30

300 marc

| Scrúduimhir |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

| Iomlán reatha | |
|---|---|

| Don scrúdaitheoir | |
|---|---|
| Ceist | Marc |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| Iomlán | |
| Bónas | |
| Móriomlán | |

| Grád |
|---|
| |

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | Coincheapa agus Scileanna | 150 marc | 6 cheist |
| Roinn B | Comhthéacsanna agus Feidhmeanna | 150 marc | 3 cheist |

Freagair na naoi gceist go léir.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanfaidh tú é sin. Is féidir páipéar breise a iarraidh ar an bhfeitheoir freisin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus an chuid den cheist.

Tabharfaidh an feitheoir cóip den leabhrán *Foirmlí agus Táblaí* duit. Caithfidh tú é a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe. Níl cead agat do chóip féin a thabhairt isteach sa scrúdú.

Caillfear marcanna mura dtaispeántar go soiléir an obair riachtanach go léir.

Ba chóir na haonaid tomhais chuí a thabhairt sna freagraí, de réir mar a oireann.

Ba chóir freagraí a thabhairt san fhoirm is simplí, de réir mar a oireann.

Scríobh déanamh agus múnla d'áireamhá(i)n anseo:


## Roinn A — Coincheapa agus Scileanna — 150 marc

Freagair **na sé cheist go léir** as an roinn seo.

**Ceist 1** **(25 marc)**

Bíodh $z_1 = 3 - 4i$ agus $z_2 = 1 + 2i$, áit a bhfuil $i^2 = -1$.

**(a)** Breac $z_1$ agus $z_2$ ar an léaráid Argand thall.




**(b)** Ó do léaráid, an féidir a rá go bhfuil $|z_1| > |z_2|$?
Tabhair an chúis le do fhreagra.

Freagra:

Cúis:


**(c)** Fíoraigh go hailgéabrach go bhfuil $|z_1| > |z_2|$.

**(d)** Faigh $\dfrac{z_1}{z_2}$ san fhoirm $x + yi$, áit a bhfuil $x, y \in \mathbb{R}$.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 2** **(25 marc)**

Sa léaráid taispeántar graf na feidhme
$f(x) = 6x - x^2$ san fhearann $0 \le x \le 6,\ x \in \mathbb{R}$.




**(a)** Faigh $f(0)$, $f(1)$, $f(2)$, $f(3)$, $f(4)$, $f(5)$ agus $f(6)$. Uaidh sin, comhlánaigh an tábla thíos.

| $x$ | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| $f(x)$ | | | | | | | |

**(b)** Bain úsáid as an riail thraipéasóideach chun achar an réigiúin atá iniata idir an cuar agus an $x$-ais san fhearann tugtha a mheas.


**Ceist 3** **(25 marc)**

**(a)** Is é an meánfhad ón domhan go dtí an ghrian ná 149 597 871 km. Scríobh an uimhir seo san fhoirm $a \times 10^n$, áit a bhfuil $1 \le a < 10$ agus $n \in \mathbb{Z}$, ceart go dtí dhá fhigiúr bhunúsacha.

**(b)** **(i)** Scríobh gach ceann de na huimhreacha thíos mar uimhir dheachúlach, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

| | **A** | **B** | **C** | **D** | **E** | **F** | **G** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Uimhir** | 2·1 | $\sqrt{5}$ | $\frac{243}{85}$ | $\tan 70°$ | $\frac{3\pi}{4}$ | 250% | $\left(1+\frac{1}{10}\right)^{10}$ |
| **Uimhir Dheachúlach** | 2·10 | | | | | | |

**(ii)** Marcáil 5 cinn de na huimhreacha sa tábla ar an uimhirlíne agus bíodh gach uimhir lipéadaithe go soiléir.




**(c)** Réitigh an chothromóid $27^{2x} = 3^{x+10}$.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 4** **(25 marc)**

**(a)** Má thugtar go bhfuil $R = (1 + 0 \cdot 015)^{12}$, faigh luach $R$, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

**(b)** Tá cárta creidmheasa ag Micheál agus is é €1000 an teorainn chreidmheasa. Gearrtar ús 1·5% gach mí ar na fiacha. Faigheann Micheál bille ag deireadh gach míosa. Ag tús mhí Eanáir, tá €800 d'fhiacha ag Micheál ar a chárta creidmheasa. Mura ndéanann Micheál aisíocaíocht ar bith agus mura gceannaíonn sé rud ar bith eile, taispeáin go rachaidh sé thar a theorainn chreidmheasa tar éis 15 mhí.

**(c)** Ceannaíonn Micheál rud a chosnaíonn £95 ar an idirlíon agus íocann sé as lena chárta creidmheasa. Más é an ráta malairte ná €1 = £0·8473, ríomh, ceart go dtí an cent is gaire, an méid a chuirfear ar bhille chárta creidmheasa Mhichíl.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 5** **(25 marc)**

**(a)** Bíodh $y = 2x^3 - 3x^2 - 1$. Faigh $\frac{dy}{dx}$.


**(b)** Difreáil $(2x^2 + 3x + 1)(x^3 - x + 2)$ i leith $x$.

**(c)** Bíodh $y = \frac{3x}{2x+5}$, ait a bhfuil $2x + 5 \neq 0$. Faigh luach $\frac{dy}{dx}$ ag $x = 0$.

**Ceist 6** **(25 marc)**

Sa léaráid thall taispeántar graif den fheidhm chearnach $f(x) = x^2 + 3x - 1,\ x \in \mathbb{R}$ agus den líne $l_1$.

Gabhann an líne $l_1$ tríd an bpointe (2, 0) agus is tadhlaí í leis an gcuar ag an bpointe $(-1, -3)$ .




**(a)** Faigh fána $l_1$, agus foirmle fána á húsáid agat.

**(b)** **(i)** Faigh $f'(x)$, díorthach $f(x)$.

**(ii)** Fíoraigh do fhreagra ar **(a)** thuas agus luach $f'(x)$ ag $x = -1$ á fháil agat.

**(c)** Tá an líne $l_2$ ingearach le $l_1$ agus is tadhlaí leis an gcuar $f(x)$ í freisin. Faigh comhordanáidí an phointe ag a dtadhlaíonn $l_2$ leis an gcuar.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

## Roinn B — Comhthéacsanna agus Feidhmeanna — 150 marc

Freagair **na trí cheist go léir** as an roinn seo.

**Ceist 7** **(40 marc)**

Tá dhá umar shorcóireacha chomhionanna, A agus B, á líonadh le huisce. Ag am áirithe, tá an t-uisce in umar A 25 cm ar doimhneacht agus tá doimhneacht an uisce ag méadú ar ráta fosaithe, 5 cm gach 10 soicind. Ag an am céanna, tá an t-uisce in umar B 10 cm ar doimhneacht agus tá doimhneacht an uisce ag méadú ar ráta fosaithe, 7·5 cm gach 10 soicind.

**(a)** Leag amach tábla a thaispeánann doimhneacht an uisce i ngach umar tar éis eatraimh 10 soicind ar feadh dhá nóiméad, ag tosú ag an am a luaitear thuas.

**(b)** Tá gach umar 1 m ar airde. Faigh amach cá fhad a thógann sé gach umar díobh a líonadh.

Umar A:


Umar B:

**(c)** Do gach umar, scríobh síos foirmle a thugann doimhneacht an uisce san umar ag am áirithe ar bith. Luaigh go soiléir an bhrí atá le litreacha ar bith a úsáideann tú sna foirmlí.

Umar A:

Umar B:

**(d)** Do gach umar, tarraing graf chun doimhneacht an uisce san umar ar feadh an dá nóiméad a léiriú.




**(e)** Faigh amach, ó do ghraif, cé mhéad ama a théann thart sula mbíonn doimhneacht an uisce mar an gcéanna sa dá umar.

Freagra: ______________________________

**(f)** Agus d'fhoirmlí as cuid **(c)** á n-úsáid agat, fíoraigh do fhreagra ar chuid **(e)**.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 8** **(60 marc)**

Thosaigh beirt deartháireacha, Eoin agus Peadar, ag obair in 2005 ar thuarastal tosaigh €20 000 agus €17 000 in aghaidh na bliana faoi seach. Mhéadaigh tuarastal Eoin de €500 in aghaidh na bliana agus mhéadaigh tuarastal Pheadair de €1250 in aghaidh na bliana. Leanfaidh an patrún tuarastail seo.

**(a)** Comhlánaigh an tábla agus taispeáin an tuarastal bliantúil a fuair gach deartháir díobh sna blianta 2005 go dtí 2010.

| Bliain | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tuarastal Eoin (€) | 20 000 | | | | | |
| Tuarastal Pheadair (€) | 17 000 | | | | | |

**(b)** Cén bhliain a thuillfidh an bheirt acu an méid céanna?

Freagra: ______________________

**(c)** Deir Eoin gur féidir a dtuarastail i rith na mblianta a léiriú le seicheamh comhbhreise.

**(i)** Mínigh cad is seicheamh comhbhreise ann.

**(ii)** An n-aontaíonn tú le hEoin? Mínigh do fhreagra.


**(d)** Faigh, i dtéarmaí $n$, foirmle a thugann tuarastal Eoin san $n$ú bliain den phatrún.

**(e)** Agus d'fhoirmle á húsáid agat, nó i slí eile, faigh tuarastal Eoin in 2015.

**(f)** Faigh, i dtéarmaí $n$, foirmle a thugann an méid iomlán a thuilleann Peadar ón gcéad bhliain go dtí an $n$ú bliain den phatrún.

**(g)** Agus d'fhoirmle á húsáid agat, nó i slí eile, faigh an méid iomlán a thuilleann Peadar ó thús 2005 go dtí deireadh 2015.

**(h)** Luaigh fáth amháin nach bealach cruinn é an graf thíos chun tuarastal Pheadair a léiriú i rith na tréimhse 2005 go dtí 2011.




| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Ceist 9** **(50 marc)**

Tá sé déanta amach ag comhlacht go dtugann costfheidhm na táirgeachta, $C(x) = 5x^2 + 750x + 3000$ an costas (ina euro) ar $x$ earra a tháirgeadh. Tugann feidhm an ioncaim, $R(x) = 1200x$, an t-ioncam iomlán as $x$ earra a dhíol.
Glacann an comhlacht leis go ndíolfaidh siad gach earra a tháirgeann siad.

**(a)** Táirgeann an comhlacht 20 earra i lá amháin. Faigh costas táirgeachta an 20 earra agus an t-ioncam iomlán.

An Costas táirgeachta:

An tIoncam iomlán:

**(b)** Faigh an brabús a dhéanann an comhlacht an lá sin.

**(c)** Faigh slonn ginearálta don bhrabús a dhéanann an comhlacht as $x$ earra a tháirgeadh.

**(d)** Cé mhéad de na hearraí seo a chaithfidh an comhlacht a tháirgeadh agus a dhíol chun an t-uasbhrabús a dhéanamh?

**(e)** Faigh an t-uasbhrabús is féidir leis an gcomhlacht a dhéanamh.

**(f)** Is é €11 000 an costas táirgeachta lá airithe. Faigh an líon earraí a táirgeadh an lá sin.

| lch | iom. reatha |
|---|---|
| | |

An Ardteistiméireacht, 2013 – Gnáthleibhéal

# Matamaitic (Tionscadal Mata – Céim 3) – Páipéar 1

Dé hAoine,  7 Meitheamh
Tráthnóna,  2:00 – 4:30